# Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais

## Bileog Eolais

Tá an ceart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl. Is mian leis an Aontas cloisteáil ó leanaí agus a dtuairimí a chur san áireamh nuair a bhíonn cinntí tábhachtacha le déanamh.

In 2021, rinne an tAontas Eorpach comhaontú agus rinne sé plean nua faoi chearta leanaí. Ceann de phríomhspriocanna an phlean is ea a chinntiú go n-éistear le leanaí, ar fud na hEorpa, agus go dtugtar aird cheart orthu. Is cuid den phlean céanna é an tArdán Rannpháirtíochta Leanaí (nó ‘an tArdán’ go gairid).

Cuirfidh an tArdán spás sábháilte ar fáil do leanaí chun a dtuairimí a chur in iúl faoi dhlíthe agus faoi bheartais an Aontais. Áit a bheidh ann chomh maith chun comhairle a roinnt.

## Beidh ceithre chuid ag an Ardán:

**Na Baill:** Leanaí agus eagraíochtaí a oibríonn ar son cearta leanaí agus atá ag iarraidh a dtuairimí a roinnt faoi obair an Aontais

**Painéal na Leanaí:** Grúpa 10-20 leanbh a threoróidh obair an Ardáin

**An Bord Comhairleach:** Daoine fásta agus leanaí ó eagraíochtaí Eorpacha a thacaíonn le rannpháirtíocht leanaí

**An Rúnaíocht:** Daoine fásta a oibreoidh chun an tArdán a rith ar bhealach a shásóidh gach duine

## Bí páirteach in Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais!

Le bheith i do bhall, caithfidh d’eagraíocht foirm iarratais a líonadh isteach. Ansin beidh gach leanbh i d’eagraíocht in ann páirt a ghlacadh san Ardán.